

RÓISE NA FAIRRGE

Deir siad nach bhfuil sórt nidh ar bith ins an saoghal seo nach bhfuil a leitheid sa bhfairrge, duine agus beithidheach mar atá ar an saoghal seo. Bhí rí ins an bhfairrge. Bhí mac 's inghean aige sul ar cailleadh é. Thréis a bháis tháinig briseadh idir an dreatháir agus an dreithiúr agus dubhairt sí nach stopfadh sí choidhchin go dtagadh sí go hÉirinn agus tháinig sí go cladach na fairrge. Ba í an bhean ba bhreaghtha a sgál grian ná gaoth ariamh uirthे. Ba bhreaghtha í na an ghríán nuair a bheadh sí ag éirghe ar maidin. Ba bhreaghtha í ná an ghealach nuair a bheadh sí lán i measg na réalta. Bhí gruaig bhuidhe uirthे ar dhath an óir. Bhí baithis leathan, leicne fada, ba mhilse póg a béil ná mil bheachain, muineál gearr, guailne leathan, básta caol agus gruaig a cinn a' sguabadh na talmhana.

Bhí sí ina suidhe ar charraig ar chladach na fairrge. Bhí iasgaire a' gul thart agus chonnaic sé í. Rith sé go dtí í go mbeireadh sé uirthे. Tharraing sí a lámh agus bhuail sí siar trasna é nuair a shíl sé breith uirthे. Bhí fear a'guil thart a bhíodh ag ceannach an éisg uaidh. D'fíafuigh sé dhe a' raibh aon iasg aige. Dubhairt sé nach raibh, ach go raibh banríoghan óg annseo nach bhfaca sé a leitheid ariamh, ná aon fhear eile, ba bhreaghtha ná í. Shiubhail an ceannaidhe chuide síos. Chuir sé lámh faoi n-a hasgaill agus d'éirigh sí gur shiubhail sí leis.

"Mo chrádh Dé má stopaim choidhchin go dtuga mé chomh fada leis an rí thú." Thug sé go dtí an rí í. Nuair a chonnaic an rí í thuit sé i ngrádh léithe. "Cé mhéad a bheas a'd uirthे?" adeir an rí. "Ní iarrfaidh mé tada ort" adeir an ceannaidhe, "déanfaidh mé bronntanas duit duithe."

Chuir an rí fios ar cheann dá chuid searbhóntaí agus thug sé deich bpíosa óir ar shon a' bhronntanais. "Déanfaidh mé mo bhean phósta duithe." Phós sí féin agus an rí. Chuir sé isteach i gceann dá chuid seomraí i mbarr an chaisleáin í, mná coimhdeachta a' tabhairt aire duithe. Ní dhearna sí gol ná gáire ar feadh bliana agus níor labhair focal. Lá dá dtáinig an rí isteach dá chúirt tháinig sé chomh fada léithe. "Maise iarraim impidhe agus athchuine ar an Athair síorruide indiu Dia a' tabhairt taisbeánadh eicint dhom le go mbeidh muid indon s chéile a thuigsint agus go gcuirfidh sé oighre chugam leat le go bhfágaidh mé mo rioghacht aige léis mo bháis."

Chrom sí a cloigeann agus rinne sí meangadh gáire. "Tá t'athchuine faighte agat" ar sise. Tá mise a'tabhairt duine eicint abhaile chugat, má's mac nó inghean é. Bíodh fhios agat" adeir sí, gur inghean rí mise chomh maith leat féin. Bhí m'athair-sa ina rí sa bhfairrge. Tar éis a bháis thuit mé féin agus mo dhreatháir amach le chéile. Dubhairt mé nach stopfainn choidhchin go dtagainn ar an saoghal seo, agus sin é an chaoi ar casadh leat-sa mise."

Ní achar fada ina dhiaidh sin gur rugadh mac óg di agus bhí an-spórt ag an rí as. "Anois" adeir sí, "tá mé ag iarraidh aon athchuine amháin ort." "Athchuine ar bith sa domhan" ar seisean, "a iarrfas tú gheobhfaidh tú é." "Well ba mhaith liom mo mháthair agus mo

dhreatháir a dhul chun baiste leis an malrach.” “Gheobhfaidh tú sin” ar seisean. Chuir sí cuireadh ar a máthair, ar a dreatháir agus ar chlann a honcail agus tháinig sin chuite.

Bhí sí féin agus an rí istigh sa seomra ag cainnt le chéile nuair a chonnaic siad a’ tigheacht ar bharr na fairrge iad. Rinne an rí iongantas mó dhe. “Imtheochaidh mise anois agus fágfaidh mé cead cainte a’ d féin agus aca féin” adeir an rí, “agus ordóchaidh mé dinnéar.”

Tháinig siad isteach aice. Bhí fáilte mhór rompa aice agus bhí luthmháire mhór aca í a fheiceál. Dubhairt sí nach bhféadfadh sí faoin domhan mór fear ní b’fhearr ná ní ba cineálta a fhágáil ná an fear a fuair í. Chuir sin an-ríméad ortha. Fuaireadar cuireadh chun an dinnéir agus dubhairt sí leo dhul síos go dtí an dinnéar. Dubhairt an dreatháir nach nach ngabhfaidh sé chun dinnéir le fea ar bith nach dtiubharfadh cuireadh dhó é féin. “Is fíor sin” ar sise.

“Chuir sí fios ar an rí agus tháinig sé i láthair. Bhí fáilte mhór ag an rí rompa agus thug sé cuireadh dhóibh agus chuadar leis. Taréis an dinnéir baisteadh an malrach. Rug an dreatháir ar an malrach agus idir a dhá lámh agus bhí sé a’siubhal siar ’s aniar an párlús. Shiubhail sé amach an doras agus isteach sa bhfairrge. Nuair a chonnaic an rí é sin sgannruigh sé go raibh a mhac báidhte. Shiubhail sé isteach aríst agus an malrach aige mar bhí sé a’ dul amach dhó. “Is dóchaidhe gur shíl tú go raibh do mhalrach báidhte” ar seisean. “Shíleas go cinnte” adeir an rí. “Bíodh fhios agat go dtig linne siubhal sa bhfairrge gan baoghal múcha na báthadh orainn” ar an dreatháir.

Chaitheadar an oidhche sin trian le fiannaidheacht, trian le sgéalaidheacht agus trian sanamh sámh blas na meala ar gach aon rud agus níor itheadar aon ghreim tor gur eirigh lá.

Maidin lá ar na bhárach d’fhágadar slán aige agus dubhairt siad leis go raibh sé in am aca dhul abhaile, agus d’imthigh siad agus fuaidh siad abhaile. Tugadh aire mhaith don mhalrach nó go raibh sé in am aige dhul chun sgoile agus mhéaduigh sé suas ina fhear bhreagh. Bhí sé tógtha le sgoil agus le foghlaim chomh maith agus d’féadfadh mac rí a bheith. Bhí sé suas le fiche bliain. Bhí an aois a’ tigheacht ar an sean-rí. Chuir sé goirm-sgoile amach thríd an oileán ag bocht agus saidhbhear a cruinniú ina láthair an lá seo. “Well a cháirde” ar seisean, “chuir mé cuireadh oraí indiu. Tá mé a’ ceapadh go gairid uaim an bás. Tá mé a tabhairt mo riogthamhlacht suas do mo mhac. Bhí mé féin agus sib-se an-mhór agus an-mhaith le chéile ón lá a dtáinig mé mar rí os ’ur gcionn, agus tá súil agam go mbeidh sib comh maith do mo mhac agus a bhí sib dom-sa tar éis mo bháis.

Gheall siad sin dó go mbeadh siad chomh maith dó mar a mbeadh siad níos fearr agus bhí sé an-tsasta. Ní achar fada ina dhiaidh sin gur bhásaigh sé. Bhí an mac an-bhrónach agus an-bhrise croidheamhail ina dhiaidh. Ní ghabhfadh sé amach ar a chuairt nó a’ déanamh dlighe ar bith le briseadh croidhe agus cumha i ndiaidh a athar. Nuair a chonnaic mór-uaisle an oileáin nach raibh an rí a’ guil amach agus a’ déanamh dlighe mar ba cheart dó chruinnigheadar chuige agus dubhradar leis eirghe in a sheasamh agus agus dhul amach ar a chuairt agus a bheith a déanamh a chuid dlighe mar a rinne a athair roimhe nó gur ghearr go mbeadh an tír bánuidhthe gan ceann creidimh ar bith a bheith air.

Lá dá dtáinig sé isteach dá chúirt taréis a dhinnéara, dubhairt sé le n-a mháthair go sínfeadh sé ar an leaba go raibh sé tuirseach. “Déanfaidh sin” ar sise.

Ní raibh sé i bhfad ar a leaba nuair a tháinig a dreatháir as a' bhfairrge ar cuairt aice. Bhí fáilte mhór aice roimhe. Bhí sí fein agus é féin ag cainnt taréis dinnéara. "Well, a Sheoirse," ar sise, tá an-imnidhe orm-s'. " "Céard sin a dhreithiúir?" ar seisean. "Tá" adeir sí, "i ngeall ar mo mhac. Sé an fear é is breághtha d'fhéadfadh an talamh a shiubhal agus ba mhaith liom go mbeadh sé pósta le faitchíos go n-eireochadh timpist ar bith dhó le go dtiubhradh bean eicint spéis dó a thiubhradh as m'amharc é. Nó measann tú cé bhfuighimis bean dó feileamhnach dó go bhfuighinn pósta é." "Gabh siar" ar an dreatháir, agus féach a bhfuil sé ina chodladh. Chuaidh sí siar agus agus leig sé air féin go raibh sé ina chodladh. Tháinig sí aniar. "Tá sé ina chodladh" adeir sí. "Tá inghean ag a leitheide seo de rí" arsa Seoirse, "insa bhfairrge." "Sí an bhean is breághtha le fágail ach níl fear sa domhan chomh borb chomh drochmhúinte ná is lugha contonós ná é féin---athair na mná óige seo." Well bhí aithne agam ortha" adeir an mháthair, agus sin í an bhean chéadhna a bhí mé a' cuimhniú uirthé."

"Gabhfaidh mise agus iarrfaidh mé í" adeir an dreatháir. "Má fhaighim í gheobhfaidh siad pósta, agus mara bhfágá na bheidh aon fhocal uirthé choidhchin. Gheobhfamuid ceann eicint eile. Tóróchaimid bean eicint eile." Déanfaidh sin" adeir sise. "Tá sé in am a'm-sa a bheith ag imtheacht" ar an dreatháir, ag eirge ina sheasamh. Tháinig an rí óg aniar as an seomra. Bhí fáilte mhór aige roimh a oncail.

D'fhág an dreatháir beannacht ag a' dreithiúir agus shiubhail sé amach a' gul abhaile. Shiubhail an rí óg leis go bruach na fairrge. D'iompugh sé thart go gcrathfeadh sé lámh leis.

"Gabhfaidh mé leat" adeir an rí óg, "ní stopfaidh mé go bráth go bhfeicfidh mé an bhean a raibh tú 's mo mháthair ag cainnt uirthé." "Raibh tú ag éisteacht linn?" adeir an t-oncal. "Bhíos" ar seisean. "Gabh isteach agus innis do do mháthair go bhfuil tú a'tigheacht mar sin." "Ní ghabhfaidh" ar seisean, "ní innseochaidh mé di ar chor ar bith."

Bhain an t-oncal fáinne a bhí ar a mhéir de, fáinne a bhí déanta as craiceann róin. "Cuir ort é seo" ar seisean, agus thug sé dó é. "Ní baoghal duit múchadh ná báthadh chúns a bhéas sé seo ar do mhéir." Ghlac an fear óg an fáinne uaidh.

Shiubhail siad leofa sa bhfairrge go ndeachadar go teach an oncail. Bhí an mháthair mhór roimhe annsin. Bhí fáilte mhór roimhe nuair a chonnaic sí é. "A Sheoirse" adeir sí, "tuige a dtug tú mac do dhreifíre ón mbaile. Ní raibh aon chomhlúadar ag á n-a mháthair ach é."

D'innis sé duithe an t-úghdar a bhí aige leis an mbaile a fhágáil. "Tá me l bhfaitchíos" adeir sise, "gurb olc an áit a bhfuil tú féin agus é féin 's é féin a gul. Mar níl aon fhear sa domhan is bundúine ná is drochmhúinte ná an rí sin a bhfuil sibh ag iarraidh a inghean air, ach mar sin féin teighidh ann. Caithfidh tú bronntanas a thabhairt ina láthair, mar níl aon athchuine a chuireann tú ar rí nach gcaithfidh tú bronntanas a thabhairt ina láthair."

Thug sí sin dóbhadh ar maidin le tabhairt don rí, agus d'imthigh sé fein agus mac a dhreifíre. Níor stop siad ariamh go dtáinig siad go dtí geataí caisleán an rí. "Fan tusa anois annsin go dtéighidh mise isteach go ngeithfidh mé cén sgéal a gheithfeas mé" adeir an t-oncal le Rí na hÉireann. Má fhágaim ugach cuirfidh mé cuireadh ort-sa."

Fuaidh an t-oncail isteach go dtí an rí. Chraith sé lámh leis agus bhí céad míle aige roimhe. "Fadó an lá a Sheoirse nár tháinig aon fhear i mo thigh is mó a bhfuil fáilte a'm roimhe ná tá

a'm romhat-sa. Ní hionann tusa agus na righthe eile. Tá tú múinte feileamhnach ar gach uile chaoi a bhféadfadh fear a bheith." "Well go raibh maith agat" arsa Seoirse. "Cén sórt bronntanas é sin agat?" arsa an rí. "Sé an bronntanas a thug mé in do láthair" ar seisean. "Cé tá tú a iarraidh ar son an bhronntanais?" "Tá mé ag iarraidh t'inghin' le haghaidh mac mo dhreifíre. Bhí sí pósta ag mac Rí na hÉireann agus anois tá mé ag iarraidh t'inghin' dó. Tá sé ar na fir ba bhreaghtha a bhféadfá do shúil a leagan air."

"Ó a mhadaidh shalaidh!" ar seisean, "nach áibhéil an misneach a bhí a'd agus a theacht ag iarraidh m'inghin' ormsa. Ní fhágfaidh tú an teach seo go mbainidh mise an ceann díot." Chuir sé fios amach ar a arm ar an bpointe boise go bhfágadh sé Rí na Fairrge agus mac Rí na hÉireann marbh. Bhí trifle beag feasa ag máthair Rí na Fairrge. Bhí fhios aice cén sórt fear a bhí ins an sean-rí seo. Cuireann sí arm saighdiúirí i ndiaidh a mic féin agus mac a hinghine le iad a shábháil. Tháinig an dá arm chun a chéile agus d'ionnsuigheadar a' troid. Nuair a chonaic mac Rí na hÉireann an troid ar bun sgannruigh sé agus rith sé le faitchíos san áit nach raibh fhios aige cé raibh sé a' guil. Tháinig sé isteach i gcoill agus shuidh sé síos ag bun crainn.

Nuair a bhí an troid ar bun bhí inghean an tsean-rí ina codladh i seomra. Chuaigh duine dá mná coimhdeacha aice. Dubhairt sí léithe go raibh a hathair tóigte ina phríosúnach ag Rí na Fairrge. Sgannruigh sí agus d'eirigh sí. Rinne sí éan duithe féin agus dá bean coimhdeachta agus d'imthigheadar rompa. Cé dtiocfaidís ach ins a' gcoill insan áit chéadhna a rabh mac Rí na hÉireann ina shuidheadh síos faoi bhun an chrainn. Nuair a chuala mac Rí na hÉireann an torann os a chionn insa gcrann dhearc sé uaidh. Chonnaic sé an bhean ba bhreaghtha a chonaic a dhá shúl ariamh ina suidheadh ar ghéagán den chrann. Labhair sé léithe agus labhair sí leis. D'fíafuigh sí dé cé hé agus d'innis sé dhuithe. "Is dóchaidhe" adeir sí, "gur thusa a thóig m'athair ina príosúnach." "Ní mé" adeir sé, "ach m'oncal."

Tháinig sí chuige anuas agus shuidh sí le n'ais. Chuir sí dá láimh faoi na mhuineál go mbaineadh sí póg dhe dá mb'fhíor duithe féin. Bhuaile sí smugairle idir a dhá shúil air. Dubhairt sí focla nach bhfuil aon sgíl a'm ann. "Imthigh as a' gcomraidheacht bhfuil tú ann agus iompúigh isteach in t-éan go mbeidh tú gan aithne thar éan ar bith eile insa gcoill." Ní túisge a bhí sé sin ráidhte ná bhí sé ina éan.

Ghlaoigh sí chuige ar a bean coimhdeacht. "Tabhair leat an t-éan seo anois" adeir sí agus fág istigh ar oileán é in áit nach bhfuighfidh sé aon deoch ná greim go bfagha sé bás leis an ocras." Thug sí léithe é go bruach an oileáin. "Mo chrádh Dé má chuirim isteach go bráth ann thú mara mbeidh deoch agat agus greim le fágáil."

Níor fhága sí ar an oileán é. Bhí fear ins an áit agus ba é a cheird ag gabháil éanacha agus dá ndíol. Tháinig sé lá agus a chuid líontaí aige. Nuair a chonnaic mac Rí na hÉireann a' cur a líonta é mar bhí ciall duine aige chuaigh sé isteach ins na líonta ar an bpointe uaidh féin.

Rinne an fear seo air agus rug sé air as an líon agus rinne sé iongnadh mór de nach bhfaca aon éan ariamh ina chomhraidheacht mar a bhí sé. Bhí an fear a bhíodh a' ceannacht na n-éanacha uaidh ag fanacht go dtugadh sé na héanacha chuige. Tháinig sé agus ní raibh aige

ach an t-éan. “Bhfuil mórán éanacha a’d indiu?” ars an ceannuightheoir. “Níl agam” ar seisean ach aon éan amháin, agus ní fhaca mé ariamh éan mar é.”

Cheannuigh sé uaidh é.

Bhí an ceannuidhe a’ siubhal suas tríd an mbaile mór. Casadh fear leis. D’fiafruigh sé de a raibh aon éanacha aige indiu. Dubhairt sé nach rabh ach aon éan amháin. “Spáin dom é” ar seisean. “Cé mhéid bhéas a’d air?” “Má dhíolaim leat é céard a dhéanfas tú leis?”

“marbhocháidh mé agus íosfaidh mé é.” “Dar fiadh” adeir sé, ní thiubhraidh mé d’fhear ar bith é a mharbhochas é ach déanfaidh mé bronntanas don rí dhó.”

Thug sé an t-éan leis. Tháinig sé go dtí caisleán an rí. Tháinig ceann de na searbhóntaí chuige agus dubhairt sé leis go mba mhaith leis an rí a fheiceál. Tháinig an rí ina láthair. “A Rí is a thighearna” adeir sé, seo brontannas atá me a thabhairt chugat, an t-éan seo.” “Dár m’fhocal,” adeir an rí, “ní fhaca mé as mo dhá shúil ariamh aon éan is breaghta ná an t-éan. Cé mhéid atá a’d air?” níl mé ag iarraidh tada air” adeir an ceannuidhe. “Tabhair luach saothair maith dhó” adeir an rí lena shearbhónta. “Tiubhraidh mise an t-éan liom.”

Thug sé isteach ina pharlús é agus fuair sé cliabhán éanacha. Chuir sé isteach ann é. Níl aon chineál bidh dá bhfuair éan ariamh nar chuir sé chuige, agus ní bhlaifeadh sé dhó. Ní raibh fhios ag an rí faoin domhan céard a dhéanfaidh sé nuair nach n-íosfaidh sé beatha. Bhí dinnéar an rí dá réidhteach ins an am céadhna. Nuair a shuidh an rí ag an mbord tháinig an t-éan amach as an gcliabhán éanacha anuas ar bhord an rí. Thosuigh sé ag ithe beatha i n-éinfheacht leis an rí. Nuair a chonnaic an rí sin leig sé siar é féin sa gcathaoir é féin agus rinne sé iongnadh mór. Bhí a bhainríoghan thiar i gceann dá chuid seomraí agus ghlaoidh sé aniar uirthé go bhfeiceadh sí an t-éan. Nuair a chonnaic sí an t-éan tharraing an fhallaing anuas ar a héadan agus d’iompaign sí uaidh aríst. Nuair a chonaic an rí ag impó uaidh í ghlaoidh sé ar ais í.

“Caitfidh tú ughdar a thabhairt dom-sa cen t-ughdar a bhí a’d an fhallaing a tharraingt anuas ar t’éadan.” “Ó a rí agus a thighearna” adeir sí, “sin mac rí le banríoghan agus is rí é féin atá sa gcomraidheacht sin.” “Well a bhfuil aon nidh sa domhan i ndon é a athrú as a’ gcomraidheacht a bhfuil sé ann?” “Well an tseanbhean a d’oil mise” adeir sise, “mhúin sí beagán easarlaidheacht dhom agus bheinn i ndon é a dhéanamh.” “Má táir i ndon é a dhéanamh déan é” ar seisean.

Fuair sí braon uisge agus bhuail sí air é. Dubhairt sí focla nach bhfuil aon sgil a’m sa ann.

“Iompaign isteach ins a’ gcomraidheacht a raibh tú an chéad lá ariamh. Ní túisge é sin ráidhte aice ná bhí sé ina fhear chomh breagh a sgall grian na gaoth ariamh air. Chaitheadar seachtain a chéile. D’fiafruigh rí an oileáin de ar mhaith leis a dhul abhaile. Dubhairt sé leis go mba mhaith. “Well cuirfidh mise luing agus uimhir leat a bhéaras abhaile thú” adeir an rí.

Nuair a bhí an luing réidh d’fhága sé slán agus beannacht ag an rí agus banríoghan agus bhí sé ag triall abhaile.

Lá dá rabhadar ag tigheacht mhéaduigh stoirm agus gála ortha. Bhí an stoirm chomh mór agus gur hiompuigheadh an bád. Níor fágadh duine ariamh innte nár báthadh ach é féin. Bhí sé ina snámhthóir mhaith agus chonnaic sé oileán uaidh agus rinne sé air. Nuair a tháinig sé

go bruach an oileáin bhí an oiread capall agus múillí agus an uile cheann aca ar leathshúil ar an oileán agus nuair a tháinig sé chun talmhan ní leigfeadh siadsan isteach é.

Ba shin é Oileán na Sidheog. "Dia sin dá réidhteach" ar sé, "go céard a dhéanfas mé. Ní leigfidh siad isteach mé." Shnáimh sé do dtí an taobh ó dheas den oileán. Tháinig sé chun talmhana. Shiubhail sé aníos an baile deireannach trathnóna. Chonnaic sé fear ina sheasamh i ndorus siopa. Bheannuigheadar féin dá chéile. D'fíafuigh fear a' tsiopa de cé as a dtáinig sé, agus d'innis sé dhó. "Well bhfuil fhios a'd anois" adeir fear a' tsiopa, "cén t-oileán é seo?" "Níl fhios" ar sé. "Well seo é oileán na sidheog" ar seisean, "agus sin clann righththe na capaill agus na múillí nach leigfeadh chun talmhana thú faitchíos go n-eirigheadh an timpist dhuit a d'eirigh dhófa féin. Tá banrioghan ar an oileán seo agus tá chuile dhuine ariamh aca faoi dhraoidheacht aice. Teannam isteach go mbeidh do bhéile agat."

Fuair sé a shuipéar agus a leaba. Nuair d'eirigh sé ar maidin, é féin agus fear a' tsiopa, "siubhail leat liom-sa anois" ar fear a' tsiopa.

Thug sé amach chun an tsiopa é agus agus dubhairt sé leis suidheadh ar chathaoir ar aghaidh an doruis. Bhí an lá an bhreagh. Níor bhfhada a bhí sé ina suidhe nuair a chonnaic sé chuige banrioghan óg ina cóiste ag teacht ar a bóthar. Nuair a bhí sí a' guil thar an dorus chonnaic sí an fear óg uaithe isteach agus stop sí an cóiste. Tháinig sí isteach go dtí fear a' tsiopa. "Is breagh an fear óg atá agat annseo" adeir sí, "cé bhfuair tú é?" "Sin é mac mo dhreathár" adeir sé. "Cailleadh a athair indé. Bhí an oiread caitheamh i ndiaidh a athar air agus go dtug mise liom é go suimneodh sé anuas agus nach mbeadh sé chomh dona agus tá sé." "Well ní maith liom sin" adeir sí, ach caithfidh tú a leigint liom-sa go ceann sgathaimh." "Ligfead" ar seisean, "ach go leigfidh tú chugam-sa abhaile aríst é slán sábháilte." "Ó leigfead go cinnte" adeir sí.

Chuaidh siad go dtí n-a caisleán féin. Bhíodar suas le mí i gcuideachta annsin. Maidin lae dar dhúisigh mac Rí na hÉireann ní raibh sí insa leaba leis. D'eirigh sé agus chuaigh sé amach an doras iadhta. Dhearc sé uaidh agus chonnaic sé dhá londubh, londubh bán agus londubh dubh agus iad a' pógadh a chéile. Rinne sé ionghadh mór dhe. Fuaidh sé isteach agus fuaidh sé a chodladh. Leig sé air féin go raibh sé ina chodladh. Ní raibh sé leathuair go dtáinig sí taobh thiar de aríst insa leaba. Nuair a bhí an bricfeasta faoi réir d'eirigh siad ag an mbricfeast'. Thug sí faoi deara nach raibh sé chomh cainnteach na chomh spóirteach agus a bhíodh sé gach aon lá eile.

"Céard atá ort indiu?" ar sise, nach bhfuil tú chomh cainnteach, chomh spóirtiúil is a bhí tú gach aon lá eile ó tháinig tú chun a' tighe?" "Tá" ar seisean, "tá mé a' cuimhneadh ar m'ónca. Gheall mé dhó s ghuil ar ais aríst go dtí é. Tháinig sé i mo cháilidheacht a ghuil ar cuairt chuige agus ní dheachaidh mé." "Well ní bheidh sin le rádh agat" ar sise. "Gheithfidh mise capall duit ar ball nach mbeidh i bhfad do thabhairt ann ach cuimhnidh air go gcaithfidh tú a bheith annseo agam-sa i mbárach." "Ó tiocfaidh" ar seisean.

Fuair sí an capall dó agus tháinig sé go dtí fear a' tsiopa. Bhí fáilte mhór aige roimhe. "Cé chaoi ar eirigh leat?" ar seisean. D'innis sé dhó ó thús deire go tosaigh. "Á, ba shin í féin" adeir sé, "an londubh geal a chonnaic tú ar an gcrann. Sin mac rí an londubh eile a bhí léithe, agus ba é an fear ba mheasa léithe a chonnaic sí ariamh. Ach thóg sí éad leis féin agus ceann

dá mná coimhdeacht agus chuir sí insa gcomraidheacht sin é. Teigheann sí ar cuairt chuige chuile mhaidin. Anois ma ghníonn tusa mo chomhairle gheithidh tú an ceann is fearr uirthé. Nuair a ghabhfas tú ar t'ais anocht leig ort féin go mbeidh tú i do chodhladh agus coinnigh aireachas maith ar céard a bheas sí a dhéanamh. Déanfaidh sí arán anocht agus agus tiúradh sí ruainne beag den arán le n'ithe dhuit ar maidin i mbárach, agus nuair a bhéarfaidh sí dhuit le n'ithe é déarfaidh sí leat é seo ithe. Nuair a cheapas sí go mbeadh sí go mbeidh sé ithe a'd buailfidh smugairle idir an dá shúil ort agus déarfaidh sí leat iompó isteach i gcomraidheacht ar bith a thogróchaidh sí.

"Ná déan duith' ach greann agus gáire ach ar chraiceann do chluas ná hith é. Seo trí ruainne aráin duit agus abair léithe go raibh an t-arán a bhí aice féin an-mhilis, agus go raibh arán deas agat féin agus cuir cuir ceann aca i do bhéal. Agus tabhair ceann eile dhuith'se. Nuair a íosfas sí é buail smugairle uirthé agus abair léithe iompó isteach ina seanchapall. Teara chugam-sa annsin.

Chuaidh agus thug sé sin duithe agus d'iompaigh sí isteach ina seanchapall. Fuair sé srian go gcuirfeadh sé uirthé é agus ní leigfeadh sí an srian ina goire. Nuair nach leigfeadh b'éigin dó í a fhágáil annsin agus a thigheacht ar ais go dtí an t-oncal. Nuair a chonaic an t-oncal é bhí fáilte mhór aige roimhe. "Rinne tú mar dubhairt mé" ar seisean. "Rinneas" ar seisean, "ach ní leigfeadh sí dom an tsrian a chur uirthé." "Níl dochar ann" ar seisean, "tiubhraidh mise srian duit a leigfeas sí uirthé."

Thug sé an srian dó agus chomh luath agus a chonnaic sí an srian chuir sí a cloigeann isteach ann. Thug sé leis annsin í. "Anois" adeir an fear siopa, "tabhair leat í ach ná sgar go deo léithe ar rud ar bith go dteighidh tú abhaile."

Bhí sé ag imtheacht, é a' marcaidheacht ar a' seanchapall, ag teacht abhaile go spóirteamhail. Bhí sé a' guil trí bhaile mór agus tháinig seanchailleach stríoctha stroicthe roimhe. Bhí sí a' gol agus a' gáirthighil. "Muisse a sheanbhean" adeir sé, go cén t-ughdar ata a'd bheith a' gol?" "Bhí inghean agam" ar sise, agus bhí capall aice agus ní fhaca mé capall sa saoghal is cosmhala léithe ná an capall sin a'd-sa." "Cé mhéid a bheadh agat uirthé?" "Ní dhíolfaidh mé í" ar seisean. "Dheamhan a mbeidh beo díom mara dtuga tú dom í le ceannacht."

De ghrádh an chailleach a shású d'iarr sé an oiread ar an gcapall gur shíl sé nach raibh sí i ndon a fhághail dó, i n-án ar bith. "Tiuraidh mise sin duit" ar sise. "Ó ní dhíolfaidh mé í ar chor ar bith" ar sise.

Bhí fear ina sheasamh i láthair ag éisteacht leofa. "Margadh a ghníos tú caithfidh tú a thigheacht suas air" ars an fear "sin é dligheadh an oileáin." Tháinig sé anuas den chapall. Ní dharna an chailleach ach breith ar an srian. Tharraing sí anuas dá ceann é. Bhuail sí smugairle isteach ina éadan agus dubhairt sí léithe iompó isteach insa gcomraidheadht a rabh sí an chéad lá.

Ní túsige a bhí a bhí an méid sin déanta ná bhí an bhanrioghan insa gcomraidheacht céadhna a rabh sí sul ar fhág sí an baile. Ba shin í máthair na banrioghna an chailleach.

Bhuail sí smugairle ar mhac an rí agus dubhairt sí “iompuigh isteach i do shean-londubh agam-sa ar an bpointe.”

D’fhill siad ar ais go dtáinig siad ar ais go dtí na gcáisleán agus thug sí léithe an londubh. Chomh luath agus tháinig sí thug sí an londubh do cheann dá cuid cailíní. Dubhairt sí léithe é a chur i gcliabhán éanacha agus é a shuidheadh insa gcistinigh ins an áit a bhfaighfeadh sé bás le tart agus le ocras. Chomh luath agus a rinne an cailín sin níor stop sí go ndeachaidh si go dtí fear an tsiopa. “Maith an cailín” arsa fear an tsiopa, “is maith an luach saothair a bhéarfas mise dhuit má théigheann tú abhaile le sgéala go dtí n-a mháthair agus cuirfidh mé fear coimhdeacht i n-éinfheacht leat. Déanfaidh éan díot nach mbeidh tú a bhfad a guil ann agus agus béidh an fear coimhdeacht ina éan eile in éindigh leat.”

Thug sé leitir duithe agus d’imthigh sí. Thug sí an leitir dá mháthair agus bhí an-spóirt aice nuair a fuair sí sgéal go raibh sé le fágáil. Chuir sí sgéal amach ar fud an oileáin go raibh tuairisg air. Thosúigh na cluig a’ bualadh agus na hadharca a’séideadh agus na teinteacha cnámh dá gcruinniú le spóirt é bheith le fágáil. Chuir sí sgéal chuig á n-a máthair agus chuig a dreatháir agus chuig clann á honcail, agus tháinig said le deifir mhór. Níor stop siad féin ná an tseanmháthair nó go ndeachaidh siad go hOileán na Sidheog. Chomh luath agus a tháinig siad go dtí an caisleán chuaidh an mháthair mhór isteach go dtí an chistineach an áit a raibh an t-éan. Buail sí braon uisge air. “Iompuigh isteach insa gcomraidheach a rabh tú an chéad lá ariamh agam-sa annseo.” D’iompuigh sé ina fhear óg ina chomraidheacht féin.

Nuair a bhí sin déanta bhuail sí cogadh ar an mbanrioghan óg agus mharbhuigh sí í. Níor fhága sí múille ná capall dá raibh ar an oileán nár thug sí as agus cead aca ghuil abhaile ina dtír féin. Chuadar go dtí fear an tsiopa agus ghlacadar buidheachas leis. “Sé bhféadfaidh mise a dhéanamh” ar sé, “pósfaidh mé an bhean a chuir mé le sgéala chugaí.”

D’fhága siad slán agus beannacht agus tháinig siad abhaile go hÉirinn. Bhí n a tinnteacha a’ dóghadh rómpa, na cluig a’ bualadh agus na hadharca a’séideadh. Chaith an rí óg an oidhche sin leofa. Ar maidin lá ar na bhárach d’imthigh sé agus níor stop sé ariamh go ndeachaidh sé chuig rí borb na fairrge agus gur iarr sé an inghean air. “Ó” adeir an rí, “dá mbeadh fhios a’-m-sa go raibh tú i t’fhear leath chomh maith is atá tú ní bheadh leath an trioblóid ort agus a chuaidh tú tríd. Thug sé dhó í agus céad míle fáilte. Chroch sé leis abhaile iad agus pósadh iad gur chaitheadar seacht n-oidhche agus seacht lá ag bainis ins an mbaile i dteach a mháthar. Chuaidh siadsan an t-áth agus agus chuaidh mise an clochán. Báthadh iadsan agus tháinig mise.

I dteach na cúirte sa Mám agus an lá fliuch. Críochnuigheadh an sgéal ag a sé a chlog tráthnóna.

26/4/1933.